



An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Ábhar

Réamhfocal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra	1
Réamhrá	2
Ráiteas Misin	2
Feidhmeanna na Comhairle	2
Ballraíocht na Comhairle	3
Coistí na Comhairle agus Grúpaí Oibre	4
<i>Coiste Cúraim Chliniciúil</i>	4
<i>Coiste Creidiúnaithe</i>	5
<i>An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta</i>	6
<i>An Coiste Achomhairc</i>	7
<i>An Coiste Iniúcháireachta</i>	7
<i>Grúpa Comhairleach Míochaine</i>	7
<i>Grúpa Oibre Cóimheasa</i>	9
Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2012	10
<i>Achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí:</i>	10
Plean Straitéiseach 2011-14	11
Foireann agus Cairt Eagraíochta CCPRO	12
Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Chríoch Nollaig 2012	13
<i>Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile</i>	14
<i>Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle</i>	15
<i>Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais</i>	16
<i>Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais</i>	17
<i>Raitis Airgeadais</i>	18
<i>Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais</i>	20
<i>Clar Comhardaithe</i>	21
<i>Notai Leis Na Raitis Airgeadais</i>	22
Aguisín 1	27
<i>Sceideal freastail Bhaill na Comhairle</i>	27

Réamhfhocal an Chathaoirligh agus an Stiúrthóra

Tá an-áthas orm féin agus ar an Stiúrthóir, thar ceann na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal, an 13ú Tuarascáil Bhliantúil ón gComhairle don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2012 a chur i láthair.

Tá áthas orainn a thuairisciú go leanfaidh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal faoi mar atá faoi láthair ag feidhmiú sa ról a bhaineann leis an bpobal a chosaint trí shonrú, cur chun cinn agus monatóireacht ar chaighdeán feabhais maidir le cúram práinne réamh-ospidéal ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal. Déanadh athbhreithniú ar an CCPRO agus a feidhmeanna i mí Feabhra 2012. Faoin gcuíchoiriú ar an athbhreithniú ar Ghníomhaireachtaí Stáit, cuireadh cumasc na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal le Comhairle na nGairmiúlach um Chúram Sláinte agus Sóisialta iarchurtha de bharr fhorbairtí seachtracha. Leanfaimid le bheith tiomanta go hiomlán maidir le cúnaimh a thabhairt don Rialtas le pleananna do chlár athchóirithe agus leanfaimid le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le seirbhísí a roinnt le gníomhaireachtaí eile agus le riachtanais a sheachfhoinsiú nuair is féidir é.

I ndiaidh an do bhallraíocht na Comhairle dul as feidhm i Meitheamh 2012 bhí formhór na mball den Chomhairle nua ann faoin 30ú Nollaig. Tá an Chomhairle nua tar éis a diongbháilteacht a dhearbhu maidir le fanacht chun tosaigh ar chaighdeán EMS agus dul chun cinn a thiomáint i gcúram cliniciúil, oideachas, caighdeán agus an leibhéal is airde cleachtais ghairmiúil a chothú trí na freagrachtaí a chomhlíonadh laistigh de scóip chleachtais an chleachtóra agus trí chreat oiriúnach a sholáthar do bhainistíocht éifeachtach ar cheisteanna oiriúnachta chun cleachtais a thiocthadh chun cinn.

Tá tacaíocht ag an bhfeidhmeannas agus ag an gComhairle ó Choistí saineolaithe a chlúdaíonn réimsí cleachtais chliniciúil, caighdeán, clárú agus scrúduithe. Tá an Chomhairle thar a bheith buíoch den iliomad saineolaí ó réimsí éagsúla a bhí chomh flaitiúil lena gcuid ama agus a dtacaíocht don Chomhairle inár misean agus ár bhfís go bhfaigheadh muintir na hÉireann an cúram práinne réamh-ospidéal is oiriúnaí.

Gabhaimid buíochas freisin le croífhóireann dílis oifige an CCPRO a mbíonn ardchaighdeán gairmiúlachta agus éifeacht ag baint lena gcuid oibre i gcónaí maidir le héascú a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na Comhairle agus na gCoistí éagsúla.

Mar is gnách táimid thar a bheith buíoch den spéis a léirigh an tAire agus a Roinn inár gcuid oibre agus as a dtacaíocht leanúnach agus a gcuid ama.



Tom Mooney, Cathaoirleach na Comhairle



An Dr Geoff King, Stiúrthóir an CCPRO

Réamhrá

Is gníomhaireacht neamhspleách reachtúil í an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (CCPRO) a bhfuil freagracht uirthi maidir le caighdeáin, oideachas agus oiliúint i réimse cúraim éigeandála réamh-ospidéal in Éirinn.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Chomhairle mar chomhlacht corpraithe le hIonstraim Reachtúil Uimhir 109 de 2000 (Ordú Bunaithe) a leasaíodh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 (Ordú Leasaithe). Déanadh na hOrduithe seo faoi Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus a tugadh faoi reachtaíocht phríomhúil le hAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Faoi I.R. 109 is féidir le baill na Comhairle, seachas an cathaoirleach a bheith in oifig ar feadh trí nó ceithre bliana le crannchur ag an gcéad chruinniú den Chomhairle maidir le cé hiad na baill a bheadh ag freastal ar feadh trí bliana agus cé bheadh ag freastal ar feadh ceithre bliana. Ceapann an tAire Sláinte Ballraíocht na Comhairle.

Chríochnaigh an tríú Comhairle a ceithre bliana in oifig i Meitheamh 2012. Ní fhéadfaí roinnt de na baill a athcheapadh toisc iad a bheith in oifig níos mó ná 2 théarma ceithre bliana as a chéile. Tionóladh an cruinniú deireanach den Chomhairle seo do 2012 sa Mheitheamh.

Ráiteas Misin

Déanann an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal an pobal a chosaint trí chaighdeáin feabhais a shainiú, a athbhreithniú, cothabháil agus monatóireacht ar chaighdeáin sármhaitheasa do sholáthar cúraim ardchaighdeáin éigeandála réamh-ospidéal do mhuintir na hÉireann.

Feidhmeanna na Comhairle

Is iad príomhfheidhmeanna an CCÉRO ná

- *A chinntiú go dtagann institiúidí oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i gCéad Fhreagairt agus i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann*
- *A chinntiú go mbaineann Freagróirí agus Cleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta*
- *Urraíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirínte dea-chleachtais i gcúram éigeandála réamh-ospidéal*
- *Taighde iomchuí a aimsiú, a urrú agus a chur chun cinn chun treoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram éigeandála réamh-ospidéal a fhorbairt in Éirinn*
- *Caighdeáin eile cúraim éigeandála réamh-ospidéal a mholadh mar is cuí*
- *Clár de chleachtóirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal a bhunú agus a choimeád*
- *Na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéal sin a thugann faoi na treoirínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.*

Ballraíocht na Comhairle

Ballraíocht ar an 30ú Meitheamh* 2012

Níl níos mó ná seacht mball déag mar a leanas i gceist le ballraíocht na Comhairle:

Tom Mooney	Cathaoirleach
Valerie Small	Leaschathaoirleach
Frank O'Malley	Paraimhíocanóir Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil
Cathal O'Donnell	Liachleachtóir
Michael Garry	Comhairleach Bainistíochta Cúraim Sláinte Cathaoirleach, An Coiste Creidiúnaithe
Tom Tinnelly	Paraimhíocanóir
Michael Dineen	Paraimhíocanóir
Gerry Tuohy	Paraimhíocanóir
Patricia Fitzpatrick	Ionadaí Institiúide Aitheanta
Macartan Hughes	Ionadaí Institiúide Aitheanta
Robert Morton	FSS
Barry O'Brien	FSS
Maureen Cronin	FSS
An Dr. Connor Egleston	Liachleachtóir
An Dr Zelig Gaffney	Liachleachtóir Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine
Mary McClelland	Comhairleoir Sláinte Ceirde
Michael Brennan	Ionadaí Tomhaltóra (Fócas Othair)

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

*Tháinig ballraíocht na Comhairle chun críche i Meitheamh 2012 agus níorbh fhéidir baill a athcheapadh toisc iad tar éis freastal don uastréimhse de dhá théarma ar an gComhairle agus ba iad sin:

Michael Garry, tháinig deireadh le téarma i Meitheamh 2012

Macartan Hughes, tháinig deireadh le téarma i Meitheamh 2012

Frank O'Malley, tháinig deireadh le téarma i Meitheamh 2012

Ceapadh na baill seo a leanas sa Mheitheamh i rith 2012:

Stephen Brady, a ceapadh ar an 30ú Meitheamh 2012

Shane Mooney, a ceapadh ar an 30ú Meitheamh 2012

An tOll Patrick Plunkett, a ceapadh ar an 30ú Meitheamh 2012

Robert Kidd, a ceapadh ar an 30ú Meitheamh 2012

David Maher, a ceapadh ar an 30 Meitheamh 2012

Coistí na Comhairle agus Grúpaí Oibre

Tugann a Coistí agus a Grúpaí Oibre cúnamh agus comhairle don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna reachtúla.

Coiste Cúraim Chliniciúil

Téarmaí tagartha

Chun breithniú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar ghnéithe de cheisteanna cúraim chliniciúil atá le/faoi mheas ag an nGrúpa Comhairleach Míochaine(GCM), ag an gCoiste Creidiúnaithe agus ag an gComhairle.

Ballraíocht ar an 30ú Meitheamh 2012**

Frank O'Malley	Cathaoirleach, Ball den Chomhairle
Tom Mooney	Cathaoirleach, Comhairle
Valerie Small	Leaschathaoirleach, Comhairle
An Dr Zelig Gaffney	Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine
Michael Garry	Cathaoirleach, An Coiste Creidiúnaithe
Tom Tinnelly	Paraimhíocanóir
Michael Dineen	Paraimhíocanóir
Mr Terence Moran	Ionadaí Tomhaltóra (Fócas Othair)
Ms Brigid Sinnott	Foras Croí na hÉireann
Mary McClelland	Ball den Chomhairle
Shay Power	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Pat Grant	Seirbhís Náisiúnta Otharchairr FSS
Roisin McGuire	An Bord Cosanta Sibhialta
Aidan O'Brien	Cór Otharchairr Ord Mhálta

Richard Treacy

Briogáid Otharcharr N. Eoin

Anthony Lawlor

Cumann Croise Deirge na hÉireann

Ionadaí breathnadóireachta ón CGP faofa ag Soláthróirí Seirbhíse Otharcharranna Príobháideacha bhonn rothlaithe

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

**Tháinig deireadh le ballraíocht an Choiste Cúraim Chliniciúil i Meitheamh 2012 toisc gur bhuanchoiste den Chomhairle é. Toisc nach raibh ballraíocht iomlán na Comhairle bunaithe faoin Nollaig 2012 níor cuireadh an Coiste Cúraim Chliniciúil le chéile.

Coiste Creidiúnaithe

Téarmaí tagartha

- Moltaí a dhéanamh ar aitheantas d'institiúidí traenála d'oideachas agus do thraenáil freagróirí agus cleachtóirí chúram éigeandála réamhospidéal
- Moltaí a dhéanamh maidir le faomhadh ar ábhar i gcúrsaí oideachais agus traenála a eagraíonn institiúidí aitheanta traenála
- Measúnú a dhéanamh go bliantúil ar oiriúnacht an oideachais agus na traenála sa chúram éigeandála réamhospidéal a sholáthraíonn institiúid atá aitheanta ag an gComhairle chun na críche sin
- Moltaí a dhéanamh, ar a laghad uair amháin i ngach trí bliana, ar na caighdeáin eolais phraiticiúil agus theoriciúil is gá do cháilíochtaí i gcúram éigeandála réamhospidéal
- Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus chothabháil scrúduithe NQEMT
- Téarmaí Tagartha agus ballraíocht a chuid fo-choistí a bhunú agus a chothabháil
 - An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta
 - Fo-Choiste Achomhairc
- Moltaí a dhéanamh ar bhunú agus chothabháil Chlár CCÉRO
- Moltaí a dhéanamh ar mheasúnú ar chomhionannas cáilíochtaí i gcúram réamhospidéal a fhaightear laistigh agus lasmuigh den stát
- Moltaí a dhéanamh ar fhaomhadh soláthróirí seirbhíse cúraim éigeandála réamhospidéal d'fheidhmiú CPGs.

Ballraíocht ar an 30ú Meitheamh** 2012

Michael Garry

Cathaoirleach

Tom Mooney

Cathaoirleach, Comhairle

Valerie Small

Leaschathaoirleach, Comhairle

Frank O'Malley

Cathaoirleach, Coiste Cúraim Chliniciúil

An Dr Zelig Gaffney

Cathaoirleach, Grúpa Comhairleach Míochaine

Gerry Tuohy

Paraimhíocanóir

Michael Dineen

Paraimhíocanóir

Barry O'Brien

Ionadaí Bainisteoireachta

Ursula Byrne

Oideachas agus Traenáil, Altranais

Macartan Hughes

Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr

Terence Kearney	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
An tOll Paul Finucane	Oideachas agus Traenáil, Míochaine
An Dr. David McManus	Seirbhís Otharchairr Thuaisceart Éireann
Stephen McMahon	Cumann Othar na hÉireann
Sarah Cain	Foras Croí na hÉireann
Patricia Fitzpatrick	Ball den Chomhairle

Achoimre ar bhallraíocht i rith 2012

**Tháinig deireadh le ballraíocht an Choiste Creidiúnaithe i Meitheamh 2012 toisc gur bhuanchoiste den Chomhairle é. Toisc nach raibh ballraíocht iomlán na Comhairle bunaithe faoin Nollaig 2012 níor cuireadh an Coiste Cúraim Chliniciúil le chéile.

An Coiste Scrúdaithe Cáilíochta

Téarmaí tagartha

Cáilíocht an Scrúdaithe NQEMT a dheimhniú agus moltaí a dhéanamh do an/na coist(i) iomchuí:

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

Níor tharla aon athrú ar bhallraíocht an Choiste Scrúdaithe Cáilíochta i 2012.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2012

Jacqueline Egan	Cathaoirleach, Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO
Brian Power	Oifigeach Forbartha Chlár CCÉRO
Ricky Ellis	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Julie Woods	Scrúdaitheoir CCÉRO
Ben Heron	Scrúdaitheoir CCÉRO
Shane Knox	Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr
David Sherwin	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn
Mark Wilson	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath
Paul Lambert	Scrúdaitheoir CCÉRO
Michael Garry	Scrúdaitheoir CCÉRO
Lawrence Kenna	Scrúdaitheoir CCÉRO
Rod Tobin	Scrúdaitheoir CCÉRO
Declan Lonergan	Scrúdaitheoir CCÉRO
Ray Carney	Scrúdaitheoir CCÉRO

An Coiste Achomhairc

Téarmaí tagartha

Plé a dhéanamh ar achomhairc a dhéantar chuig an Stiúrthóir.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

Níor tharla aon athrú ar bhallraíocht an Choiste Achomhairc i 2012.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2012

Barry O'Brien	Comhchathaoirleach
Patricia Fitzpatrick	Comhchathaoirleach
Gerry Tuohy	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle
Michael Dineen	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle
Tom Tinnelly	Ball Neamhscrúdaitheora den Chomhairle

An Coiste Iniúcháireachta

Téarmaí tagartha

- Scrúdú a dhéanamh ar leorgacht nádúir, fairsinge agus éifeacht na gcóras cuntasáíochta agus rialaithe inmheánacha.
- Teacht leis an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaigh agus le feabhas a chur uirthi agus tacú léi.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

Tháinig deireadh leis an gCoiste Iniúcháireachta i Meitheamh 2012 ag teacht leis an gComhairle

Ballraíocht ar an 30ú Meitheamh 2012

Con Foley	Cathaoirleach
Dermot Magan	Speisialtóir airgeadais
Barry O'Brien	Ball den Chomhairle
Michael Garry	Ball den Chomhairle
Jacqueline Egan	Ball d'Foireann CCÉRO

Grúpa Comhairleach Míochaine

Téarmaí tagartha

Measúnú a dhéanamh ar cheisteanna míochaine a chuir an Chomhairle, na Coistí Cúraim nó Creidiúnaithe nó oifig an CCPRO faoina bhráid agus tuairisciú don Chomhairle tríd an gCoiste Cúraim Chliniciúil.

Achoimre ar athruithe ballraíochta i rith 2012

Chuaigh an Dr Seamus Clarke, ionadaí ó Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann ann i Meán Fómhair 2012.

Ballraíocht ar an 31ú Nollaig, 2012

1. Comhairleach Míochaine – Seirbhís Otharcharr (cineálach)

An Dr Zelig Gaffney	Ball den Chomhairle
An Dr. Cathal O’Donnell	Stiúrthóir Liachta, Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna FSS
Mark Doyle	Roinn Thoir Theas FSS
An tOll. Stephen Cusack	Comhairleoir Míochaine, Roinn an Deiscirt FSS
An tUas. Connor Egleston	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt, Comhairleoir Míochaine
An Dr. John O’Donnell	FSS Ceantar an Oir-Thuaiscirt, Comhairleoir Míochaine
Sean O’Rourke	Roinn Lár Tíre FSS, Comhairleoir Míochaine
Fergal Hickey	FSS Ceantar an Iar-Thuaiscirt, Comhairleoir Míochaine
An Dr Peter O’Connor	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Comhairleach Míochaine
An Dr Niamh Collins	Saineolaí Míochaine
An Dr David Menzies	Coláiste na Seirbhíse Náisiúnta Otharcharr/Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Comhairleoir Míochaine

2. Oifigeach Oiliúna agus Forbartha – Seirbhís Otharchairr (cineálach)

Brendan Whelan	Roinn Lár Tíre FSS
Declan Lonergan	Roinn Thoir Theas FSS
Lawrence Kenna	Roinn Thoir FSS
Follamh	Roinn Thiar FSS
Paul Lambert	Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

3. Institiúidí Oiliúna creidiúnaithe ag CCPRO (cineálach)

Macartan Hughes	Stiúrthóir, Coláiste Seirbhíse Náisiúnta Otharchairr
Martin O’Reilly	Oifigeach Ceantair, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath/Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

4. Dhá ionadaí ó Sheirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann ar aon dul le (1) & (2)

Paul Meehan	Oifigeach Traenála Réigiúnach, Seirbhís Otharcharr Thuaisceart Éireann
An Dr. David McManus	Seirbhís Otharchairr Thuaisceart Éireann, Stiúrthóir Míochaine

5. Cathaoirligh na gCoistí Cúraim Chliniciúil agus Creidiúnaithe (cineálach)

Frank O'Malley Coiste Cúraim Chliniciúil

Michael Garry Coiste Creidiúnaithe

6. Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach na Comhairle (cineálach)

Tom Mooney Cathaoirleach

Valerie Small Leaschathaoirleach

7. Duine de gach cineál acu seo: Lia Míochaine Éigeandála, Dochtúir Ginearálta, Péidiatraí (ar cheapachán indibhidiúil atá ann faoi láthair), Ainéistéisí agus Altra Cláraithe nach bhfuil ina b(h)all cheana féin trí (1) go (7).

An Dr Zelig Gaffney Cleachtóir Ginearálta

An tOll Gerard Bury Cleachtóir Ginearálta

An Dr David Janes Cleachtóir Ginearálta

Valerie Small Altra Cláraithe

Follamh Ainéistéisí

An Dr Seán Walsh Comhairleach um Míochaine Éigeandála Péidiatraice

Grúpa Oibre Cóimheasa

Cuireadh deireadh leis an Riailghrúpa Oibre i mí Eanáir 2012 toisc obair an ghrúpa a bheith críochnaithe ag teacht leis na téarmaí tagartha.

Gníomhaíochtaí na Comhairle i 2012

Achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí:

- Athbhreithniú ar an bpróiseas creidiúnaithe d'aitheantas theagascóirí agus institiúidí oiliúna agus faomhadh d'ábhar chúrsa de réir na gcaighdeán reatha oideachais agus oiliúna
- Córais chuimsitheacha chigireachta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú d'institiúidí oiliúna agus soláthróirí seirbhíse faofa
- Aitheantas a lorg don scrúdú náisiúnta agus don Cháilíocht Náisiúnta i dTeicneolaíocht Leighis Éigeandála (CNTLÉ) i ndlínsí eile ag leibhéal: EMT, P agus AP
- Dul i mbun scrúduithe a fhorbairt do na hinstiúidí aitheanta oiliúna
- Frámaíocht a fhorbairt d'fhorfheidhmiú inniúlachta leanúnach ghairmeacha (ILG) do theicneoirí cúraim phráinne réamh-ospidéal ag gach leibhéal
- Measúnú a dhéanamh ar na ról nua a fhéadfadh a bheith ann d'fhorbairt leanúnach ar ardchleachtas go n-áireofaí cleachtóirí Pobail, aisghabháil/aistrithe cúraim chriticiúil
- Leanúint le forbairt agus forfheidhmiú na dTreoirínte Cleachtais Chliniciúil (TCCanna) le tacú le cleachtadh ag gach leibhéal de Chéadfhreagróir Cairdiach (CFC), Garchabhair ag an Obair (GO), an Chéadfhreagróir Éigeandála (CFÉ), Paraimhíochaineoir (P), Ard-pharaimhíochaineoir (AP) agus Liachleachtóir (LC)
- Leanúint le beachtú agus le forbairt an phróisis faofa d'fhorfheidhmiú TCCanna ag soláthróirí cúraim phráinne réamh-ospidéal
- Forbairt a dhéanamh ar threoirínte do chomhairle réamh-sroichte chun úsáide seirbhísí otharchairr agus dochtúirí ginearálta iar-ama
- Measúnú ar éifeachtúlacht na gcóras seachadta tosaíochta agus moltaí a dhéanamh de réir mar is gá
- Leanúint le hathbhreithniú agus le forbairt na gcaighdeán faisnéise le tacú le EMS agus leis an bhfoireann tuarascála othar
- Urraíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fhorfheidhmiú uirlisí iniúchóireachta cliniciúla agus do chreat iniúchta cliniciúil ag cleachtóirí agus soláthróirí cúraim phráinne réamh-ospidéal
- Réitigh chliste leictreonacha a fhorbairt le húsáid ag na freagróirí agus na comhfhreagróirí pobail
- Leanúint le forbairt a dhéanamh ar ardán foghlama leictreonach a bheadh oiriúnach do riachtanais leanúnacha oiliúna lucht soláthair seirbhíse cúraim phráinne réamh-ospidéal
- Leas a bhaint as fhaisnéis agus as teicneolaíocht cumarsáide iomchuí le tacú le feidhmeanna na Comhairle.

Plean Straitéiseach 2011-14

Nascann an Plean Straitéiseach an Ráiteas Misin le feidhmeanna, rialachas agus cuspóirí tacaíochta riaracháin na Comhairle. Tugtar mionsonraí ar na straitéisí ar leith a bhaineann le gach cuspóir ar leith. Tugann an plean straitéiseach treoir agus fócas soiléir agus tá sé ar fáil ar leathanach ár bhfoilseacháin ar ár suíomh gréasáin <http://www.phecit.ie/>.


Foireann agus Cairt Eagraíochta CCPRO

Anne Keogh	Oifigeach Cléireachais Clárúcháin & Fáiltithe
Barry O’Sullivan	Leas-Stiúrthóir & Cláraitheoir
Brian Power	Oifigeach Forbartha Cláir
Claire Finn	Oifigeach Clárúcháin
Deirdre Borland	Oifigeach Tacaíochta Forbartha Cláir
An Dr. Geoff King	Stiúrthóir
Jacqueline Egan	Oifigeach Forbartha Cláir
John Lally	Oifigeach Tacaíochta TFC & Riaracháin
Liz Dempsey	Oifigeach Scrúduithe
Margaret Feeney	Oifigeach Cléireachais Scrúduithe & Fáiltithe
Marian Spence	Rúnaí na Comhairle & Oifigeach Tacaíochta Creidiúnaithe
Marie Ní Mhurchú	Bainisteoir Seirbhísí Client & Ionadaí Bainistíochta QMS*
Pauline Dempsey	Oifigeach Forbartha Cláir
Sylvia O’Mahony	Oifigeach Tacaíochta Seirbhísí Corporáideacha

*Fuair Marie Ní Mhurchú bás i mí Márta 2012

PHECC Organisational Chart

Director – Dr Geoff King





An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

Ráitis Airgeadais don Bhliain Dar Chríoch Nollaig 2012

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Comhdhéanamh na Comhairle agus Faisnéis Eile

Baill na Comhairle

Tom Mooney, Cathaoirleach

Michael Dineen

Shane Mooney

Barry O'Brien

An tOll. Patrick Plunkett

Tom Tinnelly

Michael Brennan

Stephen Brady

Robert Morton

An Dr. Cathal O' Donnell

Valerie Small

Gerry Tuohy

Stiúrthóir

An Dr. Geoff King

Baincéirí

AIB,
An Phríomhshráid
Nás na Rí
Co Chill Dara

Seoladh Gnó

Teach Móta na Mainistreach
Sráid na Mainistreach
Nás na Rí
Co Chill Dara

Iniúcháir

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Bhail na Comhairle


Éilíonn Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal, 2000 ar an gComhairle ráitis airgidis, a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann fíorléiriú cothrom ar chúraimí na Comhairle agus ar a hioncaim agus a caiteachas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar an gComhairle:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasamhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
 - cloí leis na Caighdeáin ábhartha Cuntasáochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais;
 - ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a thiomhdiú go leanfar le feidhmiú na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal.

Tá freagracht ar an gComhairle cuntais chearta cuntasáochta a choimeád, a nochtann staid airgeadais na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil le cruinneas réasúnta ag am ar bith, agus a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais don Ordú. Tá freagracht uirthi freisin maidir le cosaint shóchmhainní na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le cosc agus le brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

11ú Iúil 2013

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Freagracht as an gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Aithnímid, thar ceann na Comhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéal (CCPRO), ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais.

Tá freagracht ar an CCPRO tríd an Stiúrtóir as monatóireacht a dhéanamh ar rialú inmheánach agus dearbhuithe a sholáthar don Chomhairle.

Tá córas rialaithe inmheánach deartha chun laghdú seachas díothú riosca. Ní féidir lena leithéid de chóras ach dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go stoptar dearmaid nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad ar bhealach tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Seo a leanas cur síos ar na príomhphróisis atá curtha ann ag an CCPRO chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar:


1. Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an CCPRO le línte dearfa cuntasachta, freagrachta agus tuarascála;
2. Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais sa CCPRO doiciméadaithe i mapaí próisis sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC);
3. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCPRO maidir le leithscaradh dualgas agus údarú caiteachais;
4. Oibríonn an CCPRO Córas Airgeadais TAS agus SAGE chun éascú a dhéanamh ar chleachtas cuntasafóchta airgeadais agus mionrian iniúchta a sholáthar ar gach idirbheart;
5. Déantar monatóireacht ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht mhíosúil i gcomparáid leis an bplean gnó. Cuirtear na tuairiscí faoi bhráid an Stiúrtóra chun meastóireachta agus gníomhaíochta iomchuí;
6. Ullmhaítear tuairisc mhíosúil ar an staid airgeadais don Roinn Sláinte agus Leanaí agus cuirtear faoi bhráid na Roinne í
7. Tá Coiste Iniúcháireachta ann agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith na bliana.

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil


Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

8. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánach a eolasú le tuairisc an Choiste Iniúcháireachta, le hobair an Iniúchára Inmheánaigh, na mBainisteoirí Feidhmiúcháin inár gComhairle a bhfuil freagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na frámaíochta rialaithe airgeadais, agus le moltaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le linn iniúchta nó ina litreacha bainistíochta agus an Fhrámaíocht Riosca agus an Clár Riosca araon.
9. Coimeádtar Baill na Comhairle ar an eolas maidir le ceisteanna airgeadais, rialaithe agus rialachais ghinearálta chorparáideacha trí chruinnithe na Comhairle a bhíonn ar siúl ar bhonn rialta,
10. Rinne gnólacht seachtrach Cuntasóirí athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh i rith 2012.
11. De bharr práinne ní dhearna an Chomhairle athbhreithniú foirmeálta ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais do 2012.



Cathaoirleach



Stiúrthóir

11ú Iúil 2013

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Réamhrá

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 109 de 2000, Ordú (Bunú) na Comhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, 2000 agus leasaíodh í le hIonstraim Reachtúil Uimhir 575 de 2004 trí Ordú (Leasú) 2004. Déanadh na hOrduithe seo faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961 mar a leasaíodh agus faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2007.

Bonn Cuntasaíochta Ghnóthais Leantaigh

D'fhógair an Rialtas i mBuiséad Deireadh Fómhair 2008, go raibh sé i gceist aige an Chomhairle a chomhchuimsiú i gComhairle na nGairmiúlach um Chúram Sláinte agus Sóisialta. Éileoidh a leithéid d'athrú leasú reachtúil, agus idir an dá linn níl aon bheart ann le leasú a dhéanamh ar fheidhmeanna na Comhairle agus tá sé réasúnta a cheapadh go leanfar dá gníomhaíochtaí reatha. Ní dóigh leis an gComhairle gur gá aon choigeartú ar na ráitis airgeadais leis an gcomhchuimsiú atá molta a léiriú agus tá na ráitis airgeadais ullmhaithe aici dá bhrí sin ar bhonn gnóthais leantaigh.

Is iad príomhfheidhmeanna na Comhairle ná:

1. A chinntiú go dtagann Institiúidí Oiliúna agus ábhar na gcúrsaí i dTeicneolaíocht Mhíochaine Éigeandála leis an gcleachtas is fearr atá anois ann.
2. A chinntiú go mbaineann soláthróirí cúraim éigeandála réamh-ospidéal inniúlacht amach agus go gcoimeádtar í ar an gcaighdeán iomchuí feidhmíochta.
3. Treoirínte cleachtais chliniciúil a ullmhú do chúram práinne réamh-ospidéil.
4. Taighde iomchuí a aimsiú agus a urrú chun teoracha na Comhairle a stiúradh agus chun cúram réamh-ospidéal a fhorbairt.
5. Caihdeáin oibríochta a ullmhú do sholáthróirí cúraim práinne réamh-ospidéil chun tacú leis an gcleachtas is fearr.
6. Clár de chleachtóirí cúraim práinne réamh-ospidéil a bhunú agus a choimeád.
7. Na soláthróirí cúraim práinne réamh-ospidéil sin a thugann faoi na treoirínte cleachtais chliniciúil a chur i bhfeidhm a aithint.

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

(1) Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo, ach mar atá léirithe thíos.

(2) Ioncam agus Caiteachas

Déileáiltear leis an leithdháileadh neamhchaipítíl ón Roinn Sláinte agus Leanaí tríd an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aistrítear aon chuid den leithdháileadh seo a chuirtear i bhfeidhm chun críche caipítíl agus a gcuirtear le sócmhainní seasta dá bharr chuig an gCuntas Ciste Caipítíl. Tugtar cuntas ar ioncam eile ar bhonn fáltas.

Nuair a úsáitear cuid den leithdháileadh neamhchaipítíl chun cistiú a dhéanamh ar thionscadail, a fhaigheann leithdháilte caipítíl freisin, tógtar an chuid a bhaineann le cistiú neamhchaipítíl chuig an gCuntas Ioncaim Caipítíl agus Caiteachais.

Níl Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chaipítíl á chur i láthair mar níorbh ann d'aon chaiteachas caipítíl ná aon leithdháilte gaolmhar ón Roinn Sláinte agus Leanaí i mbliana ná sa bhliain roimhe seo.

(3) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain ceannaithe. Luaitear gach Sócmhainn Sheasta a fhaightear, is cuma cad is foinse don chistiúchán ar chostas lúide dímheas. Ní gearrtar dímheas, atá comhoiriúnaithe ag amúchadh coibhéise den Chuntas Ciste Caipítíl, ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Gearrtar dímheas ar na rátaí bliantúla seo a leanas:-

Trealamh TFC: 33.3% de réir méid chothroim.

Trealamh Eile: 20.0% de réir méid chothroim.

(4) Cuntas Ciste Caipítíl

Déileáiltear le leithdháilte caipítíl ón Roinn Sláinte agus Leanaí sa Chuntas Ioncaim Caipítíl agus Caiteachais. Is ionann comhardú ar an gcuntas seo agus bharrachas/easnamh ar chistiú do thionscadail a sholáthraíonn an Roinn Sláinte agus Leanaí cistiúchán caipítíl dóibh.

(5) Aoisliúntas

Ar ordú ón Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta maidir leis na sochair atá iníoctha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil toisc go ndéanann an tAire Sláinte agus Leanaí frithghealladh ar an dliteanas. Cuirtear ranníocaíochtaí ó fhostaithe ar bhaill den scéim iad chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais nuair a fhaightear iad. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais nuair a íoctar iad. Íoctar an tobhach pinsin leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Cuireadh na ráitis airgeadais seo, ar chuid den tuarascáil bhliantúil iad, faoi bhráid an Aird-Reachtair Cuntas agus Ciste agus tá siad ar feitheamh le deimhniú.

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

Lasmuigh de Dhímheas ar Shócmhainní Seasta agus Amúchadh a ndéantar déileáil leis tríd an gCuntas Ciste Caipitil, áiríodh gach brabús nó cailteanas aitheanta le teacht ar bhreis an chaiteachais ar ioncam.

Ioncam	<i>Nótaí</i>	2012	2011
		€	€
Leithdháileadh an Roinn Sláinte		2,848,779	2,930,083
Ioncam Eile	4	372,550	634,114
		<u>3,221,329</u>	<u>3,564,197</u>
Aistriú go Cuntas Ciste Caipitil chun cistiú a dhéanamh ar Shócmhainní Seasta	18	(6,437)	(14,579)
		<u>3,214,892</u>	<u>3,549,618</u>
Caiteachas			
Costais Fostaithe	3	893,984	988,174
Costais a Bhaineann leis an bhFoireann	5	81,055	102,823
Costais Chóiríochta agus Forais	6	152,902	151,241
Earcú agus Meáin	7	8,219	23,293
Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	8	109,722	64,189
Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara	9	114,528	140,458
Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	10	197,818	216,782
Faisnéis, Cumarsáid agus Teicneolaíocht	11	59,188	80,069
Costais na Comhairle/an Choiste	12	48,088	85,345
EMS T&F, Tionscadail Speisialta, Deontais	13	1,444,950	1,669,149
Clárchostais	14	124,227	16,708
		<u>3,245,151</u>	<u>3,538,232</u>
Ráiteas ar Ghluaiseacht i mBarrachas Carnach (Easnamh)			
Barrachas (Easnamh) don bhliain		(19,789)	11,386
Barrachas (Easnamh) ar an 1 Eanáir 2012		49,600	38,214
Barrachas (Easnamh) ar an 31 Nollaig 2012		<u>29,811</u>	<u>49,600</u>

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

CLÁR COMHARDAITHE

Ar an 31 NOLLAIG 2012

	<i>Nótaí</i>	2012	2011
		€	€
Sócmhainní Seasta	17	9,645	19,536
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		(4,153)	15,698
Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí	16	62,894	124,752
		68,386	140,450
Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	15	28,927	90,848
Sócmhainní Glana Reatha			
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha		39,459	69,138
Maoinithe Ag			
Cuntas Ciste Caipitil	18	9,645	19,536
Barrachas (Easnamh) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(19,788)	11,386
Cúlchistí tugtha ar aghaidh		49,603	38,214
		39,459	69,136

Thar ceann na Comhairle



Cathaoirleach



Ball den Chomhairle

11ú Iúil 2013

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus na nótaí mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2012

1. Tréimhse an Chuntais

Clúdaíonn na Ráitís Airgeadais seo an bhliain ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012.

2. Riarachán

Sholáthair an Roinn Sláinte cistiúchán díreach don Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (CCPRO).

3. Sonraí ar Fhostaithe agus Luach Saothair

Ceithre dhuine dhéag líon iomlán na foirne, mar a bhí faofa ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar an 31 Nollaig 2012. Ba í an chomhpháirt bhreiseánach ná 13 buan. Asbhaineadh tobhaigh pinsin €52,128 agus íocadh leis an Roinn Sláinte agus Leanaí iad. Ba iad costais chomhlána na fostaíochta ná:

	2012	2011
	€	€
Tuarastail Foirne (Comhlán)	773,970	792,836
ÁSPC Fostóra	57,714	58,481
Aoisliúntas	44,636	0
CPC ar Iasacht	0	59,904
Foireann Shealadach	17,633	76,953
	<u>893,984</u>	<u>988,174</u>

4 Ioncam Eile

	2012	2011
	€	€
Táillí Clárúcháin	58,340	22,060
Ioncam Úis	919	785
Táillí Creidiúnaithe agus Scrúdaithe	129,979	175,606
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais	40,079	43,560
Díolachán Lámhleabhar agus DVDanna	3,028	20,129
Ioncam Teastais	21,682	6,044
Táillí Poist agus Pacáistithe	1,717	2,356
Treoirínte um Chleachtais Chliniciúla	16,263	17,741
Ioncam Eile	0	30
Ábhar CFR	65,543	95,803
Clár Iompair Mhíochaine	35,000	250,000
	<u>372,550</u>	<u>634,114</u>

5 Costais a Bhain leis an bhFoireann

	2012	2011
	€	€
Taisteal agus Cothabháil Foirne	58,018	73,032
Oiliúint agus Forbairt Foirne	22,765	29,215
Costais Eile Foirne	272	577
	<u>81,055</u>	<u>102,823</u>

6 Costais Chóiríochta agus Bhunaíochta	2012	2011
	€	€
Cíos & Costais Oifige	119,133	119,383
Leictreachas (Solas & Teas)	11,535	9,549
Cothabháil Ghinearálta	8,034	9,147
Glanadh	4,561	4,220
Lónadóireacht / Soláthar Cistine	9,639	8,941
	152,902	151,241
7 Costais Earcaíochta & na Meáin	2012	2011
	€	€
Na Meáin agus Earcaíocht	8,219	23,293
	8,219	23,293
8 Comhairliúchán agus Táillí Eile Proifisiúnta	2012	2011
	€	€
Táillí Dlí	15,226	11,259
Comhairliúchán agus Táillí Proifisiúnta- Ilghnéitheach	75,757	34,089
Táillí Comhairliúcháin - Airgeadas	6,733	7,146
Iníúchadh Inmheánach	4,526	4,175
Táillí Iníúcháireachta	7,480	7,520
	109,722	64,189
9 Scrúduithe agus Costais Eile Gaolmhara	2012	2011
	€	€
Láithreacha an Bhoird Scrúdaithe	13,356	13,317
Anailís Scrúdaithe agus Iasachta	12,107	11,533
Scrúdaitheoirí Seachtracha	89,065	115,609
	114,528	140,458
10 Clódóireacht agus Riarachán Ginearálta	2012	2011
	€	€
Stáiseanóireacht	19,665	19,795
Teileafón & Fóin Phóca	28,414	25,413
Postas & Teachtairí	39,891	48,362
Trealamh Oifige	2,313	356
Clódóireacht / Tuarascálacha Bliantúla / Teastais	60,394	78,682
Árachas	3,918	3,895
Gléasanna Cóipeála/ Conarthaí Seirbhíse etc	12,022	15,445
Seirbhísí Leabharlainne/ Faisnéise	22,325	15,627
Ús agus Táillí Bainc	1,411	1,682
Ballraíocht i gComhlachtaí	7,464	7,526
	198,818	216,782
11 Faisnéis, Cumarsáid & Teicneolaíocht	2012	2011
	€	€
Bogearraí agus Nithe Forimeallacha.	11,865	11,093
Ceadúnais agus Tacaíocht TEC	47,323	68,977
	59,188	80,069

12 Costais Chomhairle/Choiste

	2012	2011
	€	€
Baill na Comhairle	6,119	16,924
Gnó na Comhairle	10,022	37,516
Coiste Creidiúnaithe	680	1,947
Coiste Cúraim Chliniciúil	899	713
Grúpa Comhairleach Míochaine	10,081	9,503
Grúpaí Eile Oibre/Comhairleacha	20,288	18,742
	<u>48,088</u>	<u>85,345</u>

13 EMS T&F, Tionscadail Speisialta & Deontais

	2012	2011
	€	€
Foras Croí na hÉireann	91,163	93,024
Tionscnamh E PCR	181,758	180,790
Urraíocht Chomhdhála	6,003	5,000
Cistiúchán Forbartha Ardpharaimhíochaine	656,028	485,000
Tionscadal ACS Ollscoil Luimnigh	170,000	0
Drochfhiacha/Díscríobh	0	2,789
Tionscadal eFhoghlama	72,754	84,293
CISM Coláiste Náisiúnta na hÉireann Má Nuad	78,108	5,000
Clár um Stad Cairdiach Eis-Ospidéal	25,000	102,692
Tionscadal Saoránach CPR	1,107	278
Treoracha Cliniciúla á gcur i gCló	0	61,725
Tuarascálacha ar Chúram Cliniciúil á gcur i gCló	29,864	130,438
Clár Aisghabhála	101,619	229,623
Clár MERIT	0	250,000
Taighde	17,441	0
Tionscadail Speisialta Ilghnéitheacha	14,105	38,499
	<u>1,444,950</u>	<u>1,669,150</u>

14 Clár

	2012	2011
	€	€
Riarachán - Cártaí Aitheantais, Ceadúnais etc	16,086	6,080
Éisteacht um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh	108,141	10,628
	<u>124,227</u>	<u>16,708</u>

15 Creidiúnaithe

	2012	2011
	€	€
Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	4,573	26,890
Fabhruithe	24,354	63,958
	<u>28,927</u>	<u>90,848</u>

16 Fiachóirí & Réamhíocaíochtaí

	2012	2011
	€	€
Réamhíocaíochtaí	53,626	31,007
Fiachóirí	9,268	93,745
	<u>62,894</u>	<u>124,752</u>

17 Sócmhainní Seasta

Costas

Ar an 1 Eanáir 2012

Breiseanna sa bhliain

Ar an 31 Nollaig 2012

Dímheas Carntha

Ar an 1 Eanáir 2012

Muirir don bhliain

Ar an 31 Nollaig 2012

Glanluach Leabhair

Ar an 31 Nollaig 2012

Ar an 31 Nollaig 2011

	TFC Trealamh	Eile Trealamh	Iomlán
Ar an 1 Eanáir 2012	850,039	190,758	1,040,797
Breiseanna sa bhliain	6,437	0	6,437
Ar an 31 Nollaig 2012	856,476	190,758	1,047,234
Dímheas Carntha			
Ar an 1 Eanáir 2012	833,977	187,284	1,021,261
Muirir don bhliain	13,533	2,795	16,328
Ar an 31 Nollaig 2012	847,150	190,079	1,037,589
Glanluach Leabhair			
Ar an 31 Nollaig 2012	8,966	679	9,645
Ar an 31 Nollaig 2011	16,062	3,474	19,536

18 Cuntas Ciste Caipitil

Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir

Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Lúide

Amúchadh ag teacht le dímheas - Nóta 17

Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1ú Eanáir	19,536	25,064
Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Lúide	6,437	14,579
Amúchadh ag teacht le dímheas - Nóta 17	16,328	20,107
Iarmhéid Deiridh ar an 31ú Nollaig	9,645	19,536

19 Táillí agus Costais Ball na Comhairle

	2012	2011
	€	€
Michael Brennan	719	1,898
Michael Dineen	1,057	1,943
Conor Egleston	0	118
Patricia Fitzpatrick	149	449
Zelie Gaffney	306	1,684
Michael Garry	304	889
Karen Healy	0	0
Mary McClelland	34	319
Tom Mooney	440	650
Barry O'Brien	308	1,823
Cathal O'Donnell	457	907
Frank O'Malley	1,200	2,423
Valerie Small	86	562
Tom Tinnelly	205	1,718
Gerry Tuohy	854	1,578
Gerry Bury	0	49
Iomlán	6,119	17,011

Ní fhaigheann Baill na Comhairle táillí ar a seirbhísí mar bhaill den chomhairle.

20 Pacáiste Luach Saothair na Stiúrthóirí
don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012

	2012	2011
	€	€
Buntuarastal Bliantúil - Ráta PO na Státseirbhíse	103,472	103,472
Liúntas an Stiúrthóra Míochaine	17,416	17,416
Pacáiste Iomlán Leach Saothair	<u>120,888</u>	<u>120,888</u>

Ní fhaigheann an Stiúrthóir aon leasa pinsin seachas na teidlíochtaí caighdeánacha faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus níor íocadh aon bhónas leis an Stiúrthóir i 2012. Tá an Chomhairle ag feitheamh ar cheadú foirmeálta ón Aire maidir leis na téarmaí thuas faoi mar a éilítear faoi IR 109/2000.

21 Asbhaint Aoisliúntais
don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012

Ar an 2ú Meán Fómhair 2011, d'ordaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí go bhféachfaí ar asbhaint Aoisliúntais mar ioncam ag laghdú dá réir leibhéal cistiúcháin a bheadh ag teastáil ón Státchiste. Cheartaigh agus laghdaigh an Chomhairle an tarraingt anuas airgid thirim de réir €40,079 d'fhonn socrú a dhéanamh an t-ordú seo a chomhlíonadh maidir le hioncam Aoisliúntais.

22 Baill na Comhairle – Nochtadh ar Idirbhearta

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag baill na Comhairle agus déanadh de réir na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas ag baill na Comhairle.

23 Oibligeáidí Léasa
don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012

Tá áitreabh oifige na Comhairle i seilbh faoi léas feidhmiúcháin agus cuirtear an cíós bliantúil i leith an chuntais ioncaim agus caiteachais.

24 Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh
don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012

Ba é an úsáid fuinnimh ag áitreabh oifige na Comhairle don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2012 ná 68,121 M. Watt.

25 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Chomhairle faomhadh ar na Ráitis Airgeadais ar an 11 Iúil 2013.

Aguisín 1

Scideal freastail Bhail na Comhairle

Freastal ag Cruinniú na Comhairle 2012

Ainm	9ú Feabhra	8ú Márta	10ú Bealtaine	25ú Meitheamh
Tom Mooney (Cathaoirleach)	Tá	Tá	Tá	Tá
Michael Brennan	Tá	Tá	Tá	Tá
Maureen Cronin	Níl	Níl	Níl	Níl
Michael Dineen	Tá	Tá	Tá	Tá
Connor Egleston	Níl	Níl	Níl	Níl
Patricia Fitzpatrick	Tá	Tá	Tá	Níl
Michael Garry	Níl	Tá	Níl	Tá
Zelie Gaffney	Níl	Níl	Níl	Tá
Macartan Hughes	Tá	Tá	Tá	Tá
Mary Mc Clelland	Níl	Níl	Tá	Tá
Robert Morton	Tá	Tá	Tá	Níl
Barry O Brien	Níl	Tá	Níl	Níl
Cathal O Donnell	Tá	Níl	Tá	Níl
Frank O'Malley	Tá	Tá	Tá	Tá
Valerie Small	Tá	Tá	Níl	Tá
Tom Tinnelly	Níl	Níl	Níl	Tá
Gerry Tuohy	Tá	Tá	Tá	Tá